

Fiche Bliain ag Fás: Cumann Camógaíochta Chois Fharraige

Máirtín Ó Dubhghaill
Rúnaí

Bunaíodh an Cumann seo i 1981. Déanann sé freastal ar chailíní i gceantar Chois Fharraige i.e. ó Bhearna siar. Ó bunaíodh an Cumann thagadh formhór na n-imreoirí ón Spidéal agus Indreabhán ach le blianta beaga anuas tá borradh mór tagtha ar an méid cailíní ó cheantar na Tulaí atá ag imirt linn.

Ghlac an Cumann páirt i gcomórtais Iarthar na Gaillimhe agus na Cathrach ar feadh ceithre bliana (sna gráid Faoi 10, Faoi 12, Faoi 14 agus Faoi 16). I 1985 chláraigh an Cumann le Coiste an Chontae agus chuir muid foirne san iomaíocht i gComórtais an Chontae (ó 10 suas go dtí Sóisear B).

I 1989 d'éirigh linn Corn an Chontae a bhuachan sa ngrád Sóisear B nuair a bhuaigh muid Baile an Doirín sa gcluiche ceannais. Sa mbliain sin freisin bhuaigh muid Corn an Iarthair Faoi 14, Faoi 16 agus Faoi 18. I 1989 bhuaigh muid Corn an Iarthair arist (Sóisear, Faoi 16, Faoi 14 agus Faoi 12). Chuaigh muid go dtí Craobh an Chontae (Sóisear A) ach bhuaigh Dún an Uchta muid le dhá chúilín. An bhliain dár gcionn shroich muid Craobh an Chontae Sóisear A ach cháill muid arist le ceithre chúilín. I 1991 bhuaigh muid Corn an Iarthair (Faoi 16).

**D'imir beirt ó Chumann
Chois Fharraige ar
Fhoireann na Gaillimhe
(Faoi 14) anuraidh
(2000).**

Ó chlér:
Dympna Ní Ardagáin,
Uachtarán Chomhairle
Chonnacht.
Siobhán Ní Mhaoileoin,
Aoife Ní Neachtain agus
Máire Ní Fhearghail,
Rúnaí Chomhairle Chonnacht.



Ó shin i leith níl móran buaite againn ach tá muid fós ag glacadh páirte i chuile chomórtas sa gContae agus in Iarthar na Gaillimhe (Faoi 10, 12, 14, 16, 18 agus Sóisear).

Ghlac muid páirt sa gComórtas Pan-Ceilteach nuair a bhí sé ar siúl i nGaillimh agus bhuaigh muid an Comórtas Camógaíochta a bhí a reáchtáil ag an Oireachtas i nGaillimh ag tús na naochaidí. Tá muid fós ag iarraidh an Chamógaíocht a chur chun cinn sa gceantar seo i gConamara.

I mbliana (2001) tá 78 ball cláraithe againn ó aois a seacht mbliana aníos, ina measc siúd tá triúr a bhí ar an gcéad fhoireann a bhí ag an gCumann i 1981: Martina Ní Ghabháin, Máirín Nic Fhlanncha agus Caitríona Ní Chonchubhair. Glacann muid páirt i gcomórtais Iarthar na Gaillimhe agus na Cathrach agus i gComórtais an Chontae. Ghlac muid páirt i gComórtas Fhéile na nGael i 1992 agus 1993 agus cé nár bhuaigh muid ach cluiche amháin bhí muid an-sásta a bheith páirteach ann.

Bíonn traenáil ar Pháirc na mBreathnaigh chuile Shathairn ó 5.00 - 7.00 agus cuirtear fáilte i gcónaí roimh bhaill nua! Tá muid an-mhórtásach as gur muid an t-aon Chumann Gaeltachta atá cláraithe mar Cumann Camógaíochta na nGael. Is í an Ghaeilge an teanga chaidrimh atá againn i gcónaí. Tá sé go deas corn a bhuachan ó am go chéile ach ní hé is tábhachtaí. Tá muid sásta ach cailíní a bheith amuigh ar an bpáirc ag imirt go spleodrach.

Tá an Coiste seo againne an-sásta i mbliana mar gur roghnaíodh triúr ón gCumann ar fhoireann Chontae na Gaillimhe Faoi 14. Is iad sin Siobhán Ní Mhaoileoin as Baile na hAbhann, Aoife Ní Neachtain as Seanamhóinín agus Méadhbh Ní Eadhra as an gCoilleach.

**Le cúnamh Dé ní fada go mbeidh cuid de na cailíní seo
againne ar fhoireann sinsear an Chontae chomh maith!**

Liathróid Láimhe ar an gCnoc

Jimí Joe Shéamuis Ó Fátharta.


**Spiorad ár sinsear leis na cianta; allas pobail leis na blianta
Comhoibriú is misneach idir óg is aosta
Sin í an oirnis a d'fhág an áit seo déanta.**

**Is ar thalamh an pharóiste atá an chúirt seo suite
Is d'óige an pharóiste a bhí an áit seo dlite
Nuair a bheas na Coistí san uaigh ar foscadh
Bíodh liathróid láimhe anseo á lascadh.**

Dhá véarsa a chuir Joe Steve Ó Neachtain ó Choiste na Páirce le chéile i gClár Oscailt Oifigiúil Phinniúr Liathróide Láimhe Mhichíl Bhreathnaigh i 1980. Tá traidisiún an spóirt seo ag dul siar go dtí 1890 ar a laghad, nuair a bhí an cluiche á imirt i mBothchúna i bparóiste an Chnoic. Cuireadh tús le pinniúr ins na hAille sna tríochaidí, ach leag gála é i ndeireadh na gcaogaidí. Nuair a bhí an Pháirc ar an gCnoc réitithe, bheartaigh an Coiste ar phinniúr faoi dhíon a thógáil in éineacht leis na seomraí feistis, agus nach ar an áit sin a bhí tarraingt na ndaoine suas go dtí a dó a chlog ar maidin le cluichí a imirt.

Níl aon tseachtain ó shin nach n-imrítear liathróid láimhe sa gcúirt seo, atá chomh maith le haon chúirt in Éirinn. Imríodh Cluichí Ceannais na hÉireann inti le blianta beaga anuas. Tá craobhacha an Chontae agus an Chúige bainte amach ag Timín Joe Tim Ó Curraoin agus ag Pádraic Tim Bheartla Ó Conghaile i mbliana. Bhain an Cumann amach Craobh Náisiúnta na Gaeltachta cheithre huaire: Pádraic Ó Ceannabháin & Peadar Tim Ó Conghaile i nGaoth Dóbhair i 1982; Micheál Phat Ó Cualáin & Meaití Joe Shéamuis Ó Fátharta i nGaoth Dóbhair i 1994; Timín Joe Tim Ó Curraoin & Pádraic Tim Ó Conghaile i mBaile an Róba i 1995; Micheál Phatch Ó Cualáin & Cóil Pheatsaí Ó Finneadha i mBéal an Mhuirthead i 2000.

Is dóigh gurb é comórtas an 'Ciseán Turcaí' maidin Lá Nollag, is mó a mbaintear sult as gach bliain gan teip. Is breá go deo mar a itear an dinnéar ina dhiaidh. Deirtear go bhfuil an cluiche ag fáil bháis go náisiúnta, ach is cinnte go bhfuil sé beo bríomhar sa bparóiste seo fós, agus gura fada imreoirí ag bualadh na liathróide bige seo, isteach in aghaidh an bhalla mhóir sin. ■



An Ceathrar a bhí san gCluiche Ceannais "An Cisean Torthaí 2000"

Buaiteoirí ó chlér:- Micheál Phatch Ó Cualáin, Jimí Joe Shéamuis Ó Fátharta i gcoinne Cóil Pheatsaí Ó Finneadha agus Gerry Feairtí Ó Fátharta.